Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10955 – KIRK / LFI / ATP / FERROSAN MEDICAL DEVICES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 440/11)

1. An 11 Samhain 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Kirk Kapital Strategic Investments A/S (An Danmhairg), faoi rialú Kirk Kapital A/S ("Kirk", An Danmhairg),

— Lundbeckfond Invest A/S (An Danmhairg), faoi rialú Lundbeckfonden (An Danmhairg),

— Arbejdsmarkedets Tillægspension ("ATP", an Danmhairg),

— Ferrosan Medical Devices Group A/S ("Ferrosan", an Danmhairg).

Gheobhaidh Kirk, Lundbeckfonden agus ATP comhrialú ar Ferrosan Medical Devices Group A/S de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Infheistíonn Kirk i gcuideachtaí Lochlannacha méanmhéide agus móra atá ar thús cadhnaíochta sa mhargadh i dtionscail a mbaineann fós fadtéarmach leo (amhail tionscail na seirbhísí agus na monaraíochta éadroime). Déanann Kirk infheistíochtaí airgeadais freisin, lena n-áirítear ioncaim sheasta, gnáthscaireanna liostaithe agus roghanna malartacha,

— Fondúireacht tráchtála is ea Lundbeckfonden a chistíonn taighde sna heolaíochtaí bithleighis, agus é dírithe go háirithe ar an néareolaíocht,

— Institiúid féinrialaitheach is ea ATP a bunaíodh le dlí chun bainistiú a dhéanamh ar scéim pinsin chomhchoiteann shainordaitheach na Danmhairge, ATP Livslang Pension (Lifelong Pension),

— Táirgeann Ferrosan feistí leighis haemastatacha bithábhair amhail maitrísí geilitín-bhunaithe, spúinsí agus púdair le haghaidh srian a choinneáil ar fhuiliú criticiúil le linn obráidí, chomh maith le córas bithóipse brollaigh. Déanann Ferrosan a chuid táirgí a mhargú ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10955 – KIRK / LFI / ATP / FERROSAN MEDICAL DEVICES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË